Cuid lárnach den Ráiteas Straitéise seo díriú ar feabhas leanúnach a chur ar chálíocht na n-eispéireas foghlama dár gcuid foghlaimeoirí go léir sna cúig bliana amach romhainn. Déanfaidh BOOLI dul chun cinn i dtreo teacht in aibíocht mar eagraíocht bheo atá ag foghlaim agus atá in ann freagra bríomhar a thabhairt ar riachtanais síorathraitheacha a thagann chun cinn go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Chun an méid sin a bhaint amach, leanfaimid orainn ag obair i dtimpeallacht chomhoibritheach áit a dtacóimid lena chéile chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo an fhís a leagtar amach sa doiciméad seo. Ciallóidh sin machnamh a dhéanamh go leanúnach ar ár spriocanna agus ar ár seirbhísí sna blianta amach romhainn agus iad a leasú ionas go bhféadfaimid forbairt a dhéanamh le bheith mar an eagraíocht bheomhar, nuálach agus ghairmiúil arna leagan amach sa Straitéis seo.

Two handwritten signatures in black ink. The first signature on the left reads "Christy" and the second signature on the right reads "Duffy".

Christy Duffy
Príomhfheidhmeannach BOOLI


3. Achoimre Fheidhmeach

ÁR MISEAN

**Seirbhísí
oideachais
agus oliúna
atá bríomhar,
ilchineálach
agus nuálach
a sholáthar**

ÁR bhFÍS

**Seirbhísí oideachais
agus oliúna atá
gairmiúil, beomhar,
ar ardcháillíocht agus
a aithnítear go
náisiúnta agus go
hidirnáisiúnta a
sholáthar**



ÁR SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA 2017-2022	
Sprioc 1	Seirbhísí oideachais agus oiliúna atá gairmiúil, ar ardcháilíocht agus dirithe ar an bhfoghlameoir a sholáthar
Sprioc 2	Eispéiris agus torthaí foghlama d'fhoghlameoirí a fheabhsú
Sprioc 3	Comhpháirtíochtaí, comhoibriú agus cumarsáid éifeachtach a chothú
Sprioc 4	Forbairt ar struchtúir eagrúcháin éifeachtúla a bhrú chun cinn
Sprioc 5	Tacú le cultúr d'fhorbairt leanúnach leis an bhfoireann

4. An Cúlra maidir le hOideachas agus Oiliúint in Éirinn

4.1 Réamhrá agus Comhthéacs Reachtúil

Rinneadh roinnt athruithe suntasacha ar an reachtaíocht a rialaíonn oideachas agus oiliúint in Éirinn le blianta beaga anuas. Bunaíodh 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOOÉ) mar thoradh ar an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Tugadh isteach cód rialachais do na BOOÉanna nua sin freisin. Ar na forbairtí móra a d'eascair as an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 freisin bhí bunú na Seirbhise Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS) mar an údarás náisiúnta breisoideachais agus breisoiliúna. Ar deireadh, bunaíodh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (DCCÉ) leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint 2012 mar an ghníomhaireacht Stáit neamhspleách atá freagrach as cáilíocht agus cuntasacht i seirbhísí oideachais agus oiliúna in Éirinn a chur chun cinn.

4.2 An Tírdhreach Beartais

Féachtar ar oideachas agus oiliúint mar an eochair maidir le téarnamh agus forbairt eacnamaíoch in Éirinn, chomh maith le timpeallacht a chothú ina mbeidh daoine in ann a lánacmhainneacht a bhaint amach. Tá aird tarraingthe ag doiciméid le déanaí ar an nasc idir oideachas agus fás eacnamaíoch ach freisin an príomhról atá ag oideachais maidir le cuimsiú sóisialta a chur chun cinn.

Tá roinnt príomhbheartas ag múnlú an soláthar oideachais agus oiliúna in Éirinn. Tugtar imlíne i bPlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016 – 2019 de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS) ar uaillmhian na hÉireann bheith ar an tseirbhís oideachais is fearr san Eoraip sna deich mbliana amach romhainn. Maidir leis an oideachas dara leibhéal tugtar imlíne ar chur i bhfeidhm beartaithe an Chreata nua don tSraith Shóisearach agus forbairt ar phlean nua do scoileanna a thairgeann an clár DEIS chun tacú le gnóthachtáil agus dul chun cinn.

Tá treoir nua d'fhorbairt BO in Éirinn leagtha amach i Straitéis SOLAS um Bhreisoideachais agus Oiliúna 2014-2019. Tá mar thoradh air sin raon tionscnamh tábhachtach mar shampla bunachar sonraí náisiúnta de chúrsaí agus d'fhoghlaimeoirí (PLSS) agus mol cúrsaí ar líne (BOchcourses.ie). Ar deireadh, mar thoradh ar Straitéis Náisiúnta Scileanna na hÉireann 2023 bunaíodh Fóram Réigiúnach Scileanna chun fostóirí a thabhairt le chéile le soláthraithe Breisoideachais agus Oiliúna agus Ardoideachais i ngach réigiún. Tá fóraim ríthábhachtach do gach réigiún chun raon leathan scileanna a fhorbairt agus chun soláthar BO a ailíniú le riachtanais an mhargaidh saothair i dtimpeallacht eacnamaíoch atá ag feabhsú, ag teacht leis an bPlean Gníomhaíochta do Phoist.

Bhí scileanna digiteacha chun tosaigh go mór i bhforbairtí beartais le déanaí san earnáil scoileanna agus san earnáil bhreisoideachais agus oiliúna. Tugtar imlíne ar an téama digiteach seo i Straitéis Digiteach do Scoileanna 2015 – 2020 na Roinne Oideachais agus Scileanna agus i Straitéis SOLAS d'Fhoghlaim atá Breisithe ag Teicneolaíocht le haghaidh Breisoideachais agus Oiliúna 2016–2019.

4.3 Athchóiriú na hEarnála Poiblí

Tá an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag déanamh comhordú lárnach ar athchóiriú thar raon saincheisteanna, lena n-áirítear ceannaireacht, soghluaiseacht, seirbhísí comhroinnt, soláthar, múnlai éagsúla de sholáthar seirbhísí agus ríomhRialtas. Ó foilsíodh an chéad Phlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí in 2011, tá clár cuimsitheach athchóirithe curtha i bhfeidhm ar fud na hearnála poiblí in Éirinn. Laistigh den earnáil BOOÉ tá Oifig Bainistíochta Clár (OBT) bunaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna chun maoirseacht a dhéanamh ar bhunú agus ar fhorbairt BOOÉ-anna ar fud na tíre.

Tá sé léirithe ag taithí san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí idirnáisiúnta an tairbhe ollmhór a bhaineann le seirbhísí comhroinnt feabhsaithe. Léiríodh sin san earnáil BOOÉ nuair a bunaíodh tionscadal seirbhísí gnó comhroinnt oideachais, i dtéarmaí airgeadais agus párolla araon. Tiocfaidh an għluaiseacht i dtreо sheirbhísí comhroinnt in airgeadas agus i bpárolla chun cinn le linn tréimhse an Ráitis Straitéise seo agus léireofar í i struchtúr eagraíochtúil BOOLI amach anseo.

Tugtar achoimre thíos ar na factóirí thuasluaité sin agus chabhraigh siad le forbairt an Ráitis Straitéise 2017-2022 agus lenár gcúig sprioc straitéiseacha a mhúnlú

Reachtaíocht agus Rialú	Forbairt Bheartais	Athchóiriú na hEarnála Poiblí
<ul style="list-style-type: none"> An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 An tAcht um Breisoideachais agus Oiliúna 2013 An tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012 	<ul style="list-style-type: none"> Plean Gníomhaíochta ROS don Oideachas 2016-2019 Straitéis Dhigiteach ROS do Scoileanna 2015-2020 Straitéis SOLAS d'Fhoghlaim atá Breisithe ag Teicneolaíocht le haghaidh Breisoideachais agus Oiliúna 2016-2019 Straitéis SOLAS um Bhreisoideachas agus Oiliúna 2014-2019 Straitéis Náisiúnta Scileanna na hÉireann 2025 Plean Gníomhaíochta do Phoist 	<ul style="list-style-type: none"> Plean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí 2011 OBT ríomhRialtas Seirbhísí Comhroinnt na hEarnála Poiblí

5. Próifíl BOOLI

5.1 Réamhrá agus Creat Rialachais

Is údarás oideachais agus oiliúna áitiúil agus reachtúil é BOOÉ an Longfoirt agus na hIarmhí a bunaíodh faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí an 1 Iúil 2013 nuair a cónascadh Coiste Gairmoideachais an Longfoirt (CGO) agus CGO na hIarmhí. In 2014 cuimsíodh Ionad Oiliúna SOLAS/FÁS i mBaile Átha Luain agus a chuid seirbhísí isteach i BOOLI.

Rialaitear BOOLI ag Board ar a bhfuil 21 comhalta. Ina measc tá 12 ionadaí ó chomhairlí contae áitiúla an Longfoirt agus na hIarmhí; beirt comhaltaí a toghadh ó na baill fairne; beirt ionadaithe ar tuismitheoirí iad; agus cúigear comhaltaí a bhfuil saineolas acu ar chúrsaí oideachais agus oiliúna, ina measc ionadaí as lucht na bhfoghlaimeoirí agus ionadaí ón lucht gnó. Tá liosta ionlán na gComhaltaí Boird ar fáil in Agusín 1. Tá Coiste Iniúchta, Coiste Airgeadais agus Coiste comhairleach Óige ag an mbord freisin. Tá comhaltaí seachtracha chomh maith le comhaltaí boird ar gach ceann de na coistí sin. Tugtar tacú breise d'obair an bhoird ag na Boird Bhainistíochta i ngach ceann de na 8 mbunscoil de chuid BOOLI. Leagtar amach feidhmeanna ginearálta Bhord Oideachais agus Oiliúna san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

5.2 An Timpeallacht Áitiúil Shocheacnamaíoch

Is i réigiún BOOLI atá an daonra is lú as gach BOOÉ in Éirinn. In 2011, b'ionann an daonra agus 125,164 agus tháinig ardú air sin go dtí 129,643 in 2016. Tá an t-ardú 3.4% sin beagán níos ísle ná an meán-ardú náisiúnta ar an daonra don stát go léir, arb ionann é agus 3.8%. Tá líon ard daoine óga sa réigiún le 31,015 nó 23.9% faoin bhun 15 bliana d'aois agus 38,711 nó 29.8% faoi bhun 20 bliana d'aois. Tá líon suntasach neamhnáisiúnach sa dá chontae agus tá na figiúirí i ndaonáireamh 2011 beagán os cionn an meánlíon náisiúnta de 12%.


Baineann gnóthachtáil oideachais íseal le líon ard den daonra. In 2016, bhí 9% den daonra sa Longfort agus san Iarmhí a bhí os cionn 15 bliana d'aois ar scoir a gcuid oideachais ag bunleibhéal, nó nach raibh oideachas foirmiúil ar bith acu. Tá an figiúr sin beagán os cionn an meánfhigiúr náisiúnta de 8%. Ar deireadh, tá difhostaíocht fós ina gné suntasach den saol sa dá chontae agus tá níos mó fear ná ban difhostaithe, de réir na bhfigiúirí i ndaonáireamh 2016. Léirítéar na príomh staitisticí socheacnamaíocha don Longfort agus don Iarmhí thíos.

	AN LONGFORT	AN IARMHÍ	IOMLÁN BOOLI
Daonra (Daonáireamh 2016)	40,873	88,770	129,643
Daonra (Daonáireamh 2011)	39,000	86,164	125,164
Ardú ar an Daonra	3.8% (1,873)	3% (2,606)	3.4% (4,479)
Neamhnáisiúnaigh (Daonáireamh 2011)	14.1%	12%	12.6%
Ráta Dífhostaíochta (Daonáireamh 2016-Mná)	19%	15.5%	16.6%
Ráta Dífhostaíochta (Daonáireamh 2016-Fir)	20.2%	16.6%	17.7%
Daonra faoi 15 bliana	10,065	20,950	31,015
Daonra faoi 20 bliana	12,450	26, 261	38,711
Daonra 15 bliana d'aois agus os a chionn gan aon oideachas foirmiúil	648 (1.6%)	1,175 (1.3%)	1,823 (1.4%)
Daonra 15 bliana d'aois agus os a chionn le bunoideachas amháin	3,656 (8.9%)	6,225 (7%)	9,881 (7.6%)

5.3 Forléargas ar BOOLI

Tá ceanncheathrú BOOLI lonnaithe sa Mhuileann gcearr agus tá oifigí riarracháin i mbaile an Longfoirt freisin. Soláthraíonn BOOLI seirbhísí oideachais agus oiliúna do dhaonra 129,643 duine sa dá chontae. Is fostóir mór é BOOLI sa réigiún, le 652 ball foirne fostaithe aige. Astu sin, tá 408 ball foirne fostaithe go lánimseartha agus tá 244 fostaithe ar bhonn páirt-aimseartha.

Tá ardú suntasach tagtha ar an raon seirbhísí oideachais agus oiliúna arna soláthar ag BOOLI le blianta beaga anuas, ag teacht leis an déimeagrafaic shocheacnamaíoch thuasluaite atá ag teacht chun cinn. Tugtar achoimre thíos ar raon iomlán sheirbhísí BOOLI agus sa chéad chuid eile den ráiteas straitéise seo tá roinnt de na Príomhfhíricí agus Fígiúirí i ndáil le BOOLI in 2016.



Scoileanna	Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna
1 Ardscoil Phádraig, Gránard	17 Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Luain*
2 Coláiste Pobail Bhaile Átha Luain	18 Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhaile Uí Mhatháin
3 Gairmscoil Bhaile Uí Mhatháin	19 Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ghránaírd
4 Coláiste Pobail Bhaile na gCros	20 Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Chionn Átha Gad
5 Coláiste Cholumba, Chill Liúcainne	21 Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Longfoirt*
6 Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag	22 Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Mhuilinn Chearr*
7 Coláiste Pobail an Mhuilinn Chearr	23 Ionad Oiliúna Bhaile Átha Luain*
8 Coláiste Theampall Mhichíl, An Longfort	Ógtheagháil agus SDOG
9 JEC Naomh Antaine	24 Ógtheagháil Bhaile Uí Mhatháin*
Soláthar CIA	25 Ógtheagháil Dhealbhna*
10 Ardscoil Phádraig, Gránard	26 Ógtheagháil Chill Bheagáin*
11 Coláiste Pobail Bhaile Átha Luain	27 Ógtheagháil an Longfoirt*
12 Coláiste Cholumba, Chill Liúcainne	28 SDOG Bhaile Átha Luain
13 Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag	29 SDOG an Longfoirt
14 Coláiste Pobail an Mhuilinn Chearr	30 SDOG an Mhuilinn Chearr
15 Coláiste Theampall Mhichíl, An Longfort	31 Oifig an Longfoirt
16 Ceannoifig BOOLI, an Muileann gCearr	


*Le tacaíocht ó Rialtas na hÉireann, ón gCiste Sóisialta Eorpach agus Tionscnamh Fostaíochta don Ógra mar chuid den Chlár ESF d'Infhostaíochta, Cuimsiú agus Foghlaim 2014-2020



AONTAS EORPACH


Ag infheistiú i do dhán
Ciste Sóisialta na hEorpa

5.4 Príomhfhíricí agus Figiúirí (2016)



652 Ball Foirne BOOLI in 2016

Caiteachas Bliantúil 2016: €52.9 milliún



32 Ráiteas Straitéise 2017-2022

• Cur Chuige maidir leis an Ráiteas Straitéise a forbairt

Forbraíodh Ráiteas Straitéise 2017-2022 BOOLI mar thoradh ar dhianobair chúlra agus próiseas comhairliúcháin fairsing, lenar áiríodh raon gníomhartha mar a luaitear thíos:

- Taighde cúnlaíoch agus imscrúduithe DEISCE.
- Réamhbhreithniú ag Foireann Bainistíochta Sinsearaí BOOLI.
- Comhaontú ar an dréacht-chreat atá le húsáid don Ráiteas Straitéise i gcomhar le BOOÉ-anna eile.
- Cruinnithe agus comhairliúcháin tosaigh le bainistíocht shinsearach agus baill foirne eile de chuid BOOLI.
- Suirbhéanna ar líne de bhaill foirne BOOLI.
- Torthaí suirbhéanna a chur i dtoll a chéile agus forbairt ar an Dréacht-Ráiteas Straitéise.
- An Dréacht-Ráiteas Straitéise a chur faoi bhráid Bhord BOOLI
- Príomhpháirtithe leasmhara a shainaithint agus suirbhéanna ar pháirtithe leasmhara a forbairt.
- Comhairliúchán poiblí ar an Dréacht-Ráiteas Straitéise
- Athbhreithniú ar an Dréacht-Ráiteas Straitéise
- An Ráiteas Straitéise a chur faoi bhráid Bhord BOOLI lena ghlacadh.
- An Ráiteas Straitéise faofa a chur ar aghaidh chuig an Róinn Oideachais agus Scileanna agus é a fhoilsiú.

• Ár Misean, ár bhFís agus ár Luachanna


ÁR MISEAN

**Seirbhísí oideachais
agus oliúna atá
bríomhar, ilchineálach
agus nuálach a
sholáthar**

Is éard atá i Ráiteas Misin BOOLI ráiteas i scríbhinn dár mbunchuspóir mar eagraíocht. Sainmhínítear ann an méid a dhéanaimid iarracht a bhaint amach inár gcuid oibre ó lá go lá, chomh maith leis an méid a bhféadfaidh na daoine a mbaineann leas as ár seirbhísí a bheith ag súil leis. Is é an ráiteas misin céanna a bhaineann le gach seirbhís arna soláthar ag BOOLI. An rud is tábhactaí, tá an ráiteas misin mar bhonn ag an obair a dhéanann gach fostáí de chuid BOOLI, beag beann ar theideal a phoist nó a ghairme. Ár misean mar BOOLI ná seirbhísí oideachais agus oiliúna atá bríomhar, ilchineálach agus nuálach a sholáthar.



Tugtar imlíne i Ráiteas Físe BOOLI ar an méid is gá le BOOLI a dhéanamh mar eagraíocht chun ár misean a bhaint amach. Tugtar imlíne ar an aistear nach mór dúinn tabhairt faoi chun ár misean a thabhairt chun críche. Ár bhfís ná seirbhísí oideachais agus oiliúna atá gairmiúil, beomhar agus ardcháilíochta agus a aithnítear go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta a fhorbairt agus a sholáthar. Féachaimid lena chinntíú go gcomhlíonfaidh ár seirbhísí bríomhara agus nuálacha ar riachtanais daoine óga agus aosaigh fásta ar fud réigiún BOOLI. Tugtar mionsonraí thíos faoi na luachanna oibríochta riachtanacha atá mar threoir dúinn chun an raon forásach seirbhísí seo a sholáthar.



- **Dírithe ar an bhFoghlameoir:** Cuirimid an foghlameoir i gcroílár gach a ndéanaimid.
- **Ceiliúrann Cuimsiú:** Ceiliúraimid comhionannas agus cuirimid fáilte roimh gach fhoghlameoir.
- **Feidhmíonn le hIonracas:** Oibrímid ar bhealach atá eiticiúil, follasach agus cuntasach.
- **Treoraíonn le Nuálaíocht:** Treoraímid le nuálaíocht ach smaointe nua a chothú. agus cruthaitheachta a chur chun cinn.
- **Ár Spriocanna Straitéise 2017-2022**

ÁR SPRIOCANNA STRAITÉISE 2017-2022	
Sprioc 1	Seirbhísí oideachais agus oliúna atá dírithe ar an bhfoghlameoir, ar ardcháilíocht agus gairmiúil a sholáthar
Sprioc 2	Eispéiris agus torthaí foghlama a fheabhsú d'fhoghlameoirí
Sprioc 3	Comhpháirtíochtaí, comhoibriú agus cumarsáid éifeachtach a chothú
Sprioc 4	Forbairt ar struchtúir eagrúcháin a bhrú chun cinn
Sprioc 5	Tacú le cultúr d'fhorbairt leanúnach leis an bhfoireann

Sprioc 1: Seirbhísí oideachais agus oliúna atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir, ar ardcháilíocht agus gairmiúil a sholáthar

	Gníomhartha	Scála Ama	Faoi Stiúir	Aschuir
1.3 Cairt d'Fhoghlaimeoirí a chruthú do BOOLI				
1.1	Cairteacha d'Fhoghlaimeoirí a bhunú a thugann an tuairisc is fearr ar an gcaighdeán seirbhíse is féidir le foghlaimeoirí a bheith ag súil leis agus iad i mbun caidrimh le BOOLI.	2018-2020	Stiúrthóir Scoile/ Ceannairí Scoile/Stiúrthóir BO/ Ceannairí BO.	Cairt d'Fhoghlaimeoirí BOOLI.
1.4 Straitéis um Theagasc agus Foghlaim a fhorbairt do BOOLI				
1.2.1	Treoirínte agus Beartas um Theagasc agus Foghlaim a fhorbairt do gach Seirbhís BOOLI.	2018-2019	Stiúrthóir Scoile/ Ceannairí Scoile/ Stiúrthóir BO/ Ceannairí BO.	Treoirínte agus Beartas um Theagasc agus Foghlaim BOOLI.
1.2.2	Straitéis TFC a fhorbairt do BOOLI ag díriú go sonrach ar TFC a úsáid san foghlaim.	2018-2021	Stiúrthóir Scoile/ Ceannairí Scoile/ Stiúrthóir BO/ Ceannairí	Straitéis agus Plean Gníomhaíochta TFC BOOLI.
1.3 Cláir a phleanáil agus a chomhordú				
1.3.1	Pleananna Seirbhíse Bliantúla a fhorbairt a neadaítear iontu Spriocanna an Ráitis Straitéise.	2017-2022	PF / Stiúrthóirí.	Pleananna Seirbhíse Bliantúla.
1.3.2	Aighneacht Bhliantúil chuig SOLAS do mhaoiniú BO a fhorbairt.	2017-2022	Stiúrthóir BO / Ceannairí BO.	Aighneacht Bhliantúil chuig SOLAS.
1.3.3	Plean Oibre 5 Bliana don Óige BOOLI a fhorbairt.	2017-2018	Oifigeach Óige.	Plean Oibre 5 Bliana don Óige Comhaontaithe.
1.4 Soláthar dearbhú cálíochta				
1.4.1	Foirne Dearbhú Cálíochta (QA) a bhunú i ngach earnáil chun soláthar agus torthaí cálíochta a chinntiú.	2018-2020	Stiúrthóir Scoile/ Stiúrthóir BO.	Foirne QA.

1.4.2	Caighdeán DCCÉ Nua do breisoideachas agus oliúint a chur i bhfeidhm.	2017-2022	Stiúrthóir BO/ Ceannairí BO.	Caighdeán DCCÉ Oibríochta.
1.4.3	Creat um Chaighdeán Cháilíochta Náisiúnta (NQSF) RLGO a chur i bhfeidhm in earnáil na hoibre don óige.	2017-2022	Oifigeach Óige.	Riachtanais tuairiscithe bliantúla NQSF RLGO a chomhlíonadh.

1.5 Freagraí nuálacha a thabhairt ar riachtanais atá agus a bheidh ann

1.5.1	Foireann Rannpháirtíochta Fiontraíochta a bhunú chun an caidreamh idir scoileanna/breisoideachas agus oliúint agus fiontraíocht/fostóirí a fhorbairt.	2017-2018	Stiúrthóir BO/ Stiúrthóir Scoile.	Foireann Rannpháirtíochta Fiontraíochta.
1.5.2	Rannpháirtíocht le ROS agus le páirtithe leasmhara áitiúla maidir le hAthchumrú Scoileanna don phróiseas Éagsúlachta san earnáil bunoideachais.	2017-2020	PF/Stiúrthóir Scoile.	Tuairisc chug ROS maidir leis an bPróiseas Athchumraithe Scoileanna.
1.5.3	Iarratas a dhéanamh ar phátrúnacht bhunscoileanna agus iarbunscoileanna sa Longfort agus san larmhí.	2017-2022	PF/SS/STEF.	Teimpléad d'aighneacht phátrúnachta a ullmhú agus iarratas a dhéanamh mar is cuí.
1.5.4	Riachtanais in obair óige atá ag teacht chun cinn sa limistéar BOOLI a shainaithint.	2017-2018	Oifigeach Óige.	Maoliniú breise faighte do sheirbhísí nua/breisithe.

Sprioc 2: Eispéiris agus torthaí foghlama d'fhoghlaimeoirí a fheabhsú

	Gníomhartha	Scála Ama	Faoi Stiúir	Aschuir
2.1 Aiseolas ó fhoghlaimeoirí agus tuismitheoirí				
2.1.1	Meicníochtaí a imscrídú chun aiseolas a fháil ó foghlaimeoirí/tuismitheoirí a bheidh mar fhaisnéis agus mar thacaíocht d'oideachas ardcháilfóchta a sholáthar i scoileanna/seirbhísí BO.	2018-2022	SS/Ceannairí Scoileanna. DBO/Ceannairí BO.	Meicníochtaí Foghlaimeoirí agus Tuismitheoirí BOOLI a thacaíonn le guth an mhic léinn agus an tuismitheora.
2.1.2	Uirlisí/ suirbhéanna a bhunú le go bhféadfaidh mic léinn agus tuismitheoirí aiseolas a thabhairt agus a fháil ar dhul chun cinn na mac léinn.	2018-2021	Gach Stiúrthóir agus Ceannaire Scoile/BO.	Suirbhéanna agus uirlisí forbartha.
2.2 Foghlaim atá Breisithe ag TFC				
2.2.1	Cleachtadh tagarmhairc a dhéanamh chun tacú le Plean Gníomhaíochta d'Fhoghlaim atá Breisithe ag Teicneolaíocht (FBT) a fhorbairt.	2017-2018	Ceannairí DBO/BO.	Plean Gníomhaíochta BOOLI FBT.
2.2.2	An Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020 a chur i bhfeidhm chun teagasc agus foghlaim a fheabhsú ar feadh scoileanna BOOLI.	2017–2020	SS/ Ceannairí Scoile.	Straitéis TFC agus Plean Gníomhaíochta BOOLI.
2.3 Aschuir a Rianú agus a Thuairisciú				
2.3.1	Córas rianaithe a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh ar ghnóthachtáil mac léinn ag an leibhéal sóisearach agus sinsearach.	2017-2022	SS/ Ceannairí Scoile.	Córas rianaithe cruthaithe agus tuarascálacha bliantúla tárgthe.
2.3.2	Na sonraí a fhaightear ó WSE, Tuarascálacha DEIS, SSE etc. a scaipeadh agus a úsáid chun athbhreithniú a dhéanamh ar theagasc agus ar foghlaim,	2017-2022	SS/ Ceannairí Scoile.	Tuairiscí cigireachta agus nuashonraithe rialta chuir Ceannairí.

	chun tacú leo agus chun iad a fheabhsú.			
2.3.3	Sonraí a chur isteach agus úsáid á baint as córais chuí a sholáthraíonn staitisticí ar thorthaí foghlaimmeora BO chun críocha BOOLI, SOLAS agus ROS.	2017-2022	DBO/Ceannairí BO.	Sraith staitisticí fíoraithe ar thorthaí foghlaimmeora.
2.4 Saoráidí agus acmhainní a fheabhsú				
2.4.1	Athbhreithniú a dhéanamh ar thimpeallacht fhisiciúil scoileanna agus ionad.	2018-2022	Gach Stiúrthóir agus Ceannaire Scoile/BO.	Pleananna cothabhála bliantúla/pleananna uasghrádaithe foirgneamh.
2.5 CPD/Meantóireacht don Fhoireann				
2.5.1	Tacaíocht agus DEIS seanna a chur ar fáil don fhoireann tabhairt faoi CPD, meantóireacht agus tionscnaimh chóitseála.	2017-2022	SS / Ceannairí Scoile.	Plean CPD don Fhoireann.
2.5.2	Plean CPD BO a forbairt agus a sholáthar i gcomhar le SOLAS.	2017-2022	Ceannairí DBO/BO.	Plean CPD BO.

Sprioc 3: Comhpháirtíochtaí, comhoibriú agus cumarsáid éifeachtach a chothú

	Gníomhartha	Scála Ama	Faoi Stiúir	Aschuir
3.1 Straitéis TFC lena n-áirítear athúsáid a bhaint as córais agus cláir				
3.1.1	Creat a fhorbairt don TFC d'fhoinn cumarsáid, roinnt faisnéise agus líonrú seachtrach agus inmheánach a fheabhsú.	2017- 2020	PF/Gach Stiúrthóir.	Straitéis agus Plean Gníomhaíochta BOOLI maidir le TFC.
3.2 Straitéis chumarsáide a fhorbairt				
3.2.1	Straitéis Chumarsáide foriomlán a fhorbairt do BOOLI.	2018-2019	Gach Stiúrthóir.	Straitéis Chumarsáide BOOLI
3.3 Foirne Comhoibríocha a Chruthú				
3.3.1	Pobail foghlama a bhaineann go sonrach le hábhair a bhunú.	2017- 2022	SS/SBOO.	Pobail Foghlama a Bhaineann go Sonrach le hÁbhair.
3.3.2	Tacú le bainistíocht chomhoibríoch trí bhíthin cruinntithe agus imeachtaí ceannairí	2017- 2020	SS/SBOO.	Miontuairisci ó Chruinnithe Ceannairí.
3.4 Cur le comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí le comhlachtaí agus páirtithe leasmhara seachtracha				
3.4.1	A bheith rannpháirteach i gcomhoibriú idir gníomhaireachtaí agus tacú leis.	2017-2022	Oifigeach Óige.	Comhalta gníomhach ar choistí áitiúla.
3.4.2	A bheith rannpháirteach i bhfóram réigiúnacha, áitiúla agus náisiúnta, agus ionadaíocht a dhéanamh ar BOOLI iontu.	2017-2022	Gach Stiúrthóir/ball foirne.	Stiúrthóirí ina gComhaltaí d'fhóram Réigiúnacha, Áitiúla agus Náisiúnta.
3.4.3	A bheith rannpháirteach le páirtithe leasmhara agus le gníomhaireachtaí chun cur le seirbhísí oideachais agus BO.	2017-2022	SS/SBBO.	Naisc le Páirtithe Leasmhara agus le Gníomhaireachtaí.

Sprioc 4: Forbairt ar struchtúir eagrúcháin a bhrú chun cinn

	Gníomhartha	Scála Ama	Faoi Stiúir	Aschuir
4.1 Forbairt ar struchtúr eagrúcháin a bhrú chun cinn				
4.1.1	A bheith rannpháirteach le OBT agus ROS maidir le Dearadh Eagrúcháin Céim II.	2017 - 2020	PF /Gach Stiúrthóir.	Dearadh eagrúcháin nua a bheidh iomchuí do BOOLI.
4.1.2	Athbhreithniú ar struchtúr eagrúcháin BOOLI, ag léiriú riachtanais a thagann chun cinn.	2017-2022	Gach Stiúrthóir.	Struchtúr eagrúcháin BOOLI athnuachana.
4.2 Cur chuige a fhorbairt a chuirfidh le cumas maidir le bainistíocht athruithe				
4.2.1	Tacaíocht agus forbairt ghairmiúil a sholáthar do bhaill foirne a bhfuil róil cheannaireachta nó poist freagrachta acu ar fud na heagraíochta.	2017-2020	Gach Stiúrthóir.	Oiliúint i gCeannaireacht ghairmiúil.
4.3 Dea-rialachas a neadú ar fud BOOLI				
4.3.1	Oibriú le fóram an STEF chun beartais agus nósanna imeachta Sláinte agus Sábháilteachta iomchuí a fhorbairt.	2017-2019	Gach Stiúrthóir.	Beartais SS neadaithe i lámhleabhar oibríochtaí BOOLI.
4.3.2	Leanúint le dea-rialachas a neadú ar fud na heagraíochta ag teacht leis an gcód rialachais don earnáil BOOÉ.	2017-2022	Gach Stiúrthóir.	Lámhleabhar oibríochtaí BOOLI.
4.3.3	Maoirseacht iomchuí a riar agus a dhéanamh maidir le maoiniú thar ceann RLGO agus RS.	Leanúnach	Oifigeach Óige/Baill Foirne na ceannoifige.	Tuarascálacha Maoirseachta.
4.4 A bheith rannpháirteach i dtionscnaimh agus fóraim náisiúnta				
4.4.1	Comhoibriú le fóraim náisiúnta chun líonrú a dhéanamh agus chun coinneáil cothrom le dáta le treochartaí agus tionscnaimh atá ag teacht chun cinn.	2017-2022	Gach Stiúrthóir.	Ionadaíocht ar Phóraim.
4.4.2	Naisc a fheabhsú le comhlacthaí, gníomhaireachtaí agus páirtithe	2017-2020	Gach Stiúrthóir.	Is léir Ionadaíocht BOOLI.

Sprioc 5 Tacú le cultúr d'fhorbairt leanúnach leis an bhfoireann

	Gníomhartha	Scála Ama	Faoi Stiúir	Aschuir
5.1 Straitéis CPD do BOOLI				
5.1.1	Athbhreithniú ar scileanna na foirne agus Plean CPD don fhoireann a fhorbairt.	2018- 2022	Gach Stiúrthóir.	Plean CPD don fhoireann.
5.1.2	Tacaíocht leanúnach a sholáthar do cheannairí trí bhíthin meantóireacht shaindírithe agus CPD.	2018 - 2022	Gach Stiúrthóir.	Plean CPD Bliantúil.
5.1.3	Creat agus plean bliantúil a fhorbairt do CPD ina n-aithneofar réimsí tosaíochta sainiúlalena bhforbairt.	2018-2022	Gach Stiúrthóir.	Plean CPD Bliantúil. Athbhreithniú bliantúil ar Phlean CPD.
5.2 Foirne ilréimsiúla a fhorbairt chun cultúr nuálaíochta a chur chun cinn				
5.2.1	Foirne ilréimsiúla a chruthú chun réimsí a d'fhéadfaí a fhorbairt a shainaithint.	2017-2021	Gach Stiúrthóir.	Grúpaí ilréimsiúla chun achoimre a thabhairt ar ghníomhartha déanta ag BOOLI.
5.2.2	Cláir phrintíseachta agus gairmoiliúna nua a dhearadhtrí bhíthin cur chuige de bheith ag obair mar fhoireann a bhunú, laistigh de BOOLI agus le BOOÉ-anna eile.	2017 - 2022	DBO.	Printíseachtaí agus Cúrsaí Gairmoiliúna Nua a Thairiscint.

- **Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht an Ráitis Straitéise**

Bunaíttear leis an Straitéis seo raon spriocanna agus cuspóirí atá uaillmhianach agus réadúil, maidir le seirbhísí oideachais, oliúna, óige agus coimhdeacha a forbairt sa Longfort agus san larmhí sna cúig bliana amach romhainn. Admhaíonn BOOLI go mbeidh cur i bhfeidhm na Straitéise seo ag brath ar go leor factóirí, lena n-áirítear na hacmhainní riachtanacha a bheith ar fáil. Tugtar imlíne sa chuid seo ar an tslí a ndéanfaidh BOOLI bainistiú ar chur i bhFeidhm na Straitéise.

- Leagfar amach i ngach Plean Seirbhíse bliantúil na gníomhartha sonracha a bhfuil sé beartaithe ag BOOLI tabhairt fúthu chun a sheirbhísí a sholáthar agus a forbairt an bliain sin, chomh maith leis na buiséid a bhaineann leo. Dá réir sin, beidh an Plean Seirbhíse bliantúil ina phríomh-uirlis feidhmithe lena chinntiú go seolfar na gníomhartha a aithnítear sa Straitéis ar bhonn córasach sa tréimhse cúig bliana amach romhainn.
- Beidh ullmhúchán Thuarascáil Bhliantúil ina mheicníocht monatóireachta ina ndéanfar feidhmíocht BOOLI gach bliain a thomhas i leith ghníomhartha an Ráitis Straitéise agus an Phlean Seirbhíse a bhaineann léi.
- Tabharfaidh BOOLI faoi Athbhreithniú lártéarma ar an Ráiteas Straitéise go luath in 2020. Déanfaidh measúnú san athbhreithniú sin ar an dul chun cinn maidir le baint amach spriocanna agus tabharfar moltaí, de réir mar is cuí, lena chinntiú go mbeidh BOOLI freagrúil agus bríomhar.

Giorrúcháin

AHEAD	Association for Higher Education Access and Disability
PF	Príomhfheidhmeannach
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
CBO	Coláiste Breisoideachais
RLGO	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
DEIS	Ag Soláthar Comhdheisceanna i Scoileanna
ROS	An Roinn Oideachais agus Scileanna
SBOO	Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna
CÉM	Cónaídhm na hÉireann um Míchumas
RS	An Roinn Sláinte
SS	Stiúrthóir Scoile
STEF	Stiúrthóir Tacaíochta Eagrúcháin agus Forbartha
BTB	Béarla mar Theanga Bhreise
BOO	Bord Oideachais agus Oiliúna
BOOÉ	Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann
FÁS	Foras Áiseanna Saothair
BO	Breisoideachas agus Oiliúna
SS	Sláinte agus Sábháilteachta
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
CCC	Comhdháil na gCeardchumann
BOOLI	Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí
ANLA	An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh
CCCN	An Creat um Chaighdeáin Cháilíochta Náisiúnta
TFE	Tacaíocht agus Forbairt Eagrúcháin
OBT	Oifig Bainistíochta Tionscadail
DC	Dearbhú Cáilíochta
DCCÉ	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
RSO	Riachtanais Speisialta Oideachais
SOLAS	An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
FMS	Féinmheastóireacht Scoile
FBT	Foghlaim atá Breisithe ag Teicneolaíocht
CGO	Coiste Gairmoideachais
MSU	Meastóireacht ar an Scoil Uile

Agisín 1: Comhaltaí Boird BOOLI

Comhlacht Ainmniúcháin

Arna thoghadh ag Comhairle Contae na hIarmhí
(Cathaoirleach)

Arna thoghadh ag Comhairle Contae an Longfoirt

Arna thoghadh ag Comhairle Contae na hIarmhí

Ionadaí Foirne

Ionadaí Foirne

Ionadaí Tuismitheora

Ionadaí Tuismitheora

Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire
(Comhchoiste na mBainisteoirí, Cumann na Scoileanna
Pobail is Cuimsitheacha agus Cumann Náisiúnta
na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí)

Comhlachtaí arna Sonrú ag an Aire
(Comhdháil na gceardchumann (CCC))

Comhlachtaí arna Sonrú ag an Aire
(Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann)

Comhlachtaí arna Sonrú ag an Aire
(An Áiséineacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (ANLA))

Comhlachtaí arna Sonrú ag an Aire
(AHEAD agus CÉM)

Ainm

An Comhairleoir Frankie Keena

An Comhairleoir Seamus Butler

An Comhairleoir Peggy Nolan

An Comhairleoir Pat O'Toole

An Comhairleoir Mae Sexton

An Comhairleoir Sorca Clarke

An Comhairleoir Una D'Arcy

An Comhairleoir Michael Dollard

An Comhairleoir Tom Farrell

An Comhairleoir Ken Glynn

An Comhairleoir Liam McDaniel

FOLÚNTAS

Declan Flanagan Uasal

Denise Watkins Uasal

Willie Dennigan Uasal

Helen Macken Uasal

An tAth. Paul Connell

Celine Kearney Medforth Uasal

Laura Leonard Uasal

James O'Keeffe Uasal

Pat O'Rourke Uasal



Clár Chistí Eorpacha Struchtúrtha
agus Infheistiochta na hÉireann
2014–2020

Cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann
agus ag an Aontas Eorpach



AONTAS EORPACH

Ag infheistiú i do dhán
Ciste Sóisialta na hEorpa



QQI AWARD

SOLAS

An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
Further Education and Training Authority



An Roinn Leanaí
agus Gnóthai Óige
Department of
Children and Youth Affairs



Supported by
**National
Lottery**